2025.S54T

2025J126C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Teicneolaíocht Adhmaid

## Comhleibhéal

Déardaoin 12 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:00

120 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Freagair gach ceist.


Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.  Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí agus líníochtaí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.  Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin.  Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán.  Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhann tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Ceist 1**

San íomhá, taispeántar bád bréige atá déanta as péine albanach.



**(a)** **(i)** Is bogadhmad é péine albanach. Luaigh **dhá** chúis ar chóir níos mó bogadhmaid a úsáid in ionad crua-adhmaid i seomra ranga na Teicneolaíochta Adhmaid.


| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

**(ii)** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| **Bogadhmad** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| De ghnáth, faightear bogadhmad ó chrainn bhuaircíneacha | | |
| Is bogadhmad é sprús sitceach | | |
| Fásann bogadhmad go mall | | |
| De ghnáth, bíonn bogadhmad níos daoire ná crua-adhmad | | |

**(b)** Cuirtear síolta den phéine albanach i bhforaoisí ar fud na hÉireann gach bliain.
San íomhá, taispeántar péacadh síl.

Ón liosta thíos, sainaithin na páirteanna atá lipéadaithe **A**, **B**, agus **C**.





| | |
|---|---|
| Péacán | ☐ |
| Fréamhán | ☐ |
| Síol | ☐ |

**(c)** Déantar bia don chrann péine albanaigh sna duilleoga trí phróiseas ar a dtugtar fótaisintéis.

Bain úsáid as nótaí agus as sceitse néata saorláimhe agus déan cur síos gairid ar phróiseas na fótaisintéise.

Sceitse:


**(d)** Tá dhá pholl druileáilte sa bhád bréige, mar a thaispeántar.
Baintear úsáid as druilire colúin chun na poill sin a dhruileáil.



**(i)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le druilire colúin a úsáid chun na poill a dhruileáil.

| Buntáiste: |
|---|
| |

**(ii)** Ainmnigh na páirteanna den druilire colúin a bhfuil na lipéid **A**, **B**, agus **C** orthu.





| |
|---|
| A: |
| B: |
| C: |

**(iii)** Luaigh an fheidhm atá ag an bpáirt a bhfuil an lipéad **B** uirthi ar an druilire colúin.

| Feidhm: |
|---|
| |
| |


**(e)** Sa spás atá thíos, dear póstaer chun **dhá** cheann ar bith de na réamhchúraimí sábháilteachta ar leith ba chóir a chomhlíonadh a mhíniú, agus druilire colúin á úsáid chun na poill sa bhád a dhruileáil.



Cuir nótaí ar **gach** réamhchúram ar do phóstaer.

**Ceist 2**


San íomhá ar dheis, taispeántar clog matail atá déanta as adhmad soladach, mar a thaispeántar.




**(a)** Sainaithin an mháchail adhmaid, a bhfuil an lipéad **A** uirthi, ar bhonn an chloig, mar a thaispeántar.

Ciumhais mheata ☐

Ciumhais bhriste ☐




**(b)** San íomhá, taispeántar aghaidh chiorclach an chloig atá marcáilte amach ar phíosa adhmaid.

Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus dean cur síos ar conas a dhéanfá aghaidh chiorchlach an chloig a fhoirmiú. Ainmigh uirlisí agus meaisíní ar bith úsáidtear.

Sceitsí:


**(c)** Tá barrfhráma an chloig matail lannaithe ó phíosaí tanaí adhmaid, mar a thaispeántar.

Luaigh **dhá** chúis ar chóir an barrfhráma a lannú in ionad é a ghearradh amach as píosa adhmaid sholadaigh.



| Cúis 1: |
|---|
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

**(d)** San íomhá ar dheis, taispeántar an foirmeán a úsáideadh chun an lannán a mhúnlú. Baineadh úsáid as an uirlis a thaispeántar thíos agus a ritheann ar chumhacht cadhnraí chun an foirmeán sin a mhúnlú.



**(i)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar.

| Ainm: |
|---|








**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le huirlisí a ritheann ar chumhacht cadhnraí a úsáid.


| Buntáiste: |
|---|
| |
| |

**(e)** Sna híomhánna ar chlé thíos, taispeántar cuid de na céimeanna a úsáidtear chun an fráma lannaithe don chlog matail a dhéanamh. Taispeántar ar dheis an cur síos ar gach céim.

Meaitseáil gach ceann de na céimeanna a thaispeántar ar chlé leis an gcur síos cuí ar dheis. Tá an chéad chéim déanta duit.


| | |
|---|---|
|  | Cuir greamachán idir na lannáin |
|  | Gearr amach agus réitigh foirmeán leis an gcruth cuí don fhráma lannaithe |
|  | Cuir na lannáin isteach san fhoirmeán agus clampáil go daingean iad chun an cruth cuarach a fhoirmiú |
|  | Gearr stiallacha tanaí adhmaid (na lannáin) den tiús agus den fhad cuí |

**(f)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar, atá á húsáid chun na lannáin a chlampáil san fhoirmeán.



Ainm:


**(g)** San íomhá ar dheis, taispeántar cóimeáil an fhráma lannaithe leis an mbonn agus scriúnna á n-úsáid.



**(i)** San íomhá thíos, taispeántar scriú posaidrimh atá á úsáid i gcóimeáil an chloig.

Ón liosta seo a leanas, sainaithin **gach** páirt den scriú.

**Snáithe**, **Ceann**, **Rinn**



**(ii)** Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le scriú posaidrimh a úsáid i gcóimeáil an chloig.


| Buntáiste: |
|---|
| |

**(h)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé riachtanach bailchríoch dhromchla a chur leis an gclog.

| Cúis 1: |
|---|
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

**Ceist 3**

San íomhá, taispeántar coimeádán naipcíní atá déanta as crua-adhmad dúchasach Éireannach. Taispeántar ar an aghaidh, lógó d'ulchabhán atá snoite san adhmad.



**(a)** **(i)** Ainmnigh an modh snoíodóireachta sin.

| Modh snoíodóireachta: |
|---|

**(ii)** Ainmnigh modh snoíodóireachta **amháin** eile.

| Modh snoíodóireachta eile: |
|---|

**(b)** Mol crua-adhmad dúchasach Éireannach a bheadh oiriúnach don choimeádán naipcíní. Tabhair cúis **amháin** le do rogha crua-adhmaid.

| Crua-adhmad: |
|---|
| Cúis: |
| |
| |
| |

**(c)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar, a úsáidtear nuair a bhíonn an t-ulchabhán á shnoí.

| Ainm: |
|---|



**(d)** Tháinig an t-adhmad a úsáideadh chun an coimeádán naipcíní a dhéanamh as clár adhmaid a tiontaíodh as lomán adhmaid.



**(i)** San íomhá ar dheis taispeántar modh tiontaithe adhmaid.

Ainmnigh an modh sin.

| Ainm: |
|---|

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh tiontaithe sin.

| Buntáiste: |
|---|
| |
| Míbhuntáiste: |
| |

**(iii)** Ainmnigh agus dean sceitse den mhodh **amháin** eile chun adhmad a thiontú.

| Ainm: |
|---|
| Sceitse: |

**(e)** San íomhá, taispeántar píosa adhmaid i gcomhair aghaidh an choimeádáin agus bileog pháipéir ar a bhfuil dearadh an ulchabháin.




Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus déan cur síos ar **dhá** cheann de na céimeanna atá riachtanach chun imlíne an ulchabháin a aistriú ón mbileog pháipéir go dtí an píosa adhmaid.

Céim 1:

Céim 2:

**Ceist 4**

San íomhá ar dheis, taispeántar seastán táibléid atá déanta as adhmad soladach.




**(a)** Tá corr thosaigh an tseastáin críochnaithe le múnláil choirre, a bhfuil an lipéad **A** air, mar a thaispeántar.

**(i)** Ainmnigh an mhúnláil choirre.

| Ainm: |
|---|

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** leis an múnláil sin a chur leis an seastán.

| Cúis: |
|---|
| |


**(b)** Ní mór uirlis a roghnú chun an mhúnláil choirre thuas a dhéanamh.

Luaigh an t-ainm ceart do **gach** ceann de na huirlisí thíos agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le gach uirlis a úsáid chun an mhúnláil choirre a dhéanamh.


| Ainm: |
|---|
| Buntáiste: |
| |
| |




| Ainm: |
|---|
| Buntáiste: |
| |
| |



**(c)** San íomhá taispeántar líníocht, ar a bhfuil toisí, den seastán táibléid.





**(i)** Sa spás atá thíos, tarraing sceitse néata saorláimhe de **bhonnchló** an tseastáin.

Sceitse den bhonnchló:

**(ii)** Críochnaigh an liosta gearrtha don seastán táibléid a thugtar sa tábla thíos.

| Cur síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Bonn ceartingearach | 2 | | 44 | 20 |
| Bonn cothrománach | 1 | | 44 | 20 |
| Taca táibléid | 1 | 130 | 30 | 20 |
| Duail | | 25 | Ø6 | |

**(d)** San íomhá ar dheis, taispeántar alt adhmadóireachta atá san áireamh chun bonn an tseastáin a shiúntú.



**(i)** Ainmnigh an t-alt a thaispeántar.

| Ainm: |
|---|

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an alt a thaispeántar thuas a úsáid.


| Buntáiste: |
|---|
| |
| Míbhuntáiste: |
| |

**(iii)** Ainmnigh agus sceitseáil alt **amháin** eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an bonn a shiúntú.

| Ainm an ailt: |
|---|
| Sceitse: |

**(e)** Ar an seastán táibléid seo, ní féidir uillinn an táibléid a choigeartú agus é á úsáid.

Bain úsáid as sceitse néata saorláimhe, chomh maith le nótaí mínithe, chun do smaoineamh a chur in iúl, agus dear seastán táibléid ar a mbeifear in ann uillinn féachana an táibléid ríomhaire a choigeartú agus é á úsáid.



Sceitse:

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

## Íomhánna
Íomhá ar leathanach 5: https://www.sip-group.com
Íomhá ar leathanach 8: https://www.dewalt.com
Íomhá ar leathanach 11: https://www.faithfulltools.com
Íomhá ar leathanach 12: https://www.lumberjocks.com
Íomhá ar leathanach 13: https://www.etsy.com/listing/124992621/owl-on-branch-applique-machine
Íomhá ar leathanach 14: https://www.stanleytools.com
Íomhá ar leathanach 17: https://vivax.com/en/products/vivax-tablet-tpc-105-4g-2

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Teicneolaíocht Adhmaid

Déardaoin 12 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00